11.9.2020 A9-0138/112

**Leasú 112**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 56 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***56 a. á mheabhrú nach n-aithnítear sa dlí idirnáisiúnta an ceart chun ginmhillte mar a thugtar air agus nach n-aithnítear ceart den sórt sin le haon chonradh ceangailteach, agus go bhfuil sé curtha i bhfáth arís agus arís eile ag CECD nach féidir an ceart chun saoil phríobháidigh a thuiscint mar thoiliú leis an gceart chun ginmhillte mar a thugtar air; á mheabhrú nach féidir a mheas, thairis sin, gur nós idirnáisiúnta a bheadh i gceart den sórt sin, ós rud é i bhformhór na dtíortha ina gceadaítear rochtain ar ghinmhilleadh, gurb ionann an rochtain sin agus díolúine ó imeachtaí coiriúla agus nach sainítear é mar cheart;*** |

Or. en

11.9.2020 A9-0138/113

**Leasú 113**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 25**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Fuathchaint, idirdhealú poiblí, foréigean i gcoinne na mban, foréigean baile agus iompar éadulangach i gcoinne mionlach agus grúpaí leochaileacha eile, lena n-áirítear daoine LADTI*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 114**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 57**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 57. ***ag tathant ar údaráis*** na Polainne ***na bearta uile*** is gá ***a dhéanamh chun dul*** i ngleic ***go láidir le fuathchaint chiníoch agus gríosú chun foréigin, ar líne agus as líne, agus fuathchaint chiníoch ó phearsanra poiblí, lena n-áirítear polaiteoirí agus oifigigh na meán***[108] ***, a cháineadh go poiblí agus fanacht amach ón gcaint sin, chun aghaidh a thabhairt ar chlaontachtaí agus dearcthaí diúltacha i leith mionlaigh náisiúnacha agus eitneacha (Romaigh san áireamh), imircigh, dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn agus chun go n-áiritheofar forfheidhmiú éifeachtach na ndlíthe a chuireann cosc ar pháirtithe nó eagraíochtaí a dhéanann idirdhealú cinîoch a chur chun cinn nó a ghríosú***[109] ***; á iarraidh ar údaráis na Polainne go gcomhlíonfar moltaí 2019 ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú***[110] ***;*** | 57. ***á chur i bhfáth go ndéanann Rialtas*** na Polainne ***faireachán ar choireanna atá inspreagtha ag an gclaontacht, agus go n-áirítear ar raon feidhme an fhaireacháin sin faisnéis faoi imeachtaí ullmhúcháin le haghaidh coireanna fuatha arna ndéanamh (ag na póilíní) ar fud na tíre; á chur i bhfios go n-áirítear coireanna fuatha, i ngeall ar a ndíobháil mhór ar bhonn sóisialta, ar Thosaíochtaí Ardcheannasaí na bPóilíní; ag tabhairt dá haire go ndéantar gníomhaíochtaí oideachasúla a reáchtáil freisin chun an t-eolas agus na scileanna*** is gá ***a chur ar fáil do na póilíní chun coireanna fuatha a chosc agus a*** chomhrac; |

[108] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Samhain 2017, mír 18; PACE, Rún 2316 (2020) an 28 Eanáir 2020 maidir le feidhmiú institiúidí daonlathacha sa Pholainn, mír 14; Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (HRC), Breithnithe deiridh maidir leis an seachtú tuarascáil thréimhsiúil faoin bPolainn, 23

Samhain 2016, CCPR/C/POL/CO/7, míreanna 15 -18.

[109] Coiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú, Breithnithe deiridh maidir leis an dara is fiche agus an ceathrú is fiche tuarascáil chomhcheangailte thréimhsiúil faoin bPolainn, Lúnasa 2019.

[110] Ibid.

Or. en

**Leasú 115**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 58**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 58. ***á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an dearbhú le deanaí ó Leas-Aire Dlí agus Cirt*** na Polainne ***gur cheart don Pholainn Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a shéanadh; á mholadh d'***údaráis na Polainne ***cur i bhfeidhm praiticiúil agus éifeachtach a thabhairt don Choinbhinsiún sin, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta atá ann cheana ar fud na tíre a áirithiú, agus trí líon agus cáilíocht leordhóthanach d'ionaid dídine a sholáthar do mhná arb íospartaigh foréigin iad agus dá leanaí;*** | 58. ***á chur in iúl gur geal léi gníomhaíochtaí údaráis na*** Polainne ***lena ndéantar coir fuatha nó fuathchaint sheineafóbhach agus fhaisisteach a cháineadh agus á iarraidh ar*** údaráis na Polainne ***gníomhaíochtaí iomchuí breise a chur i gcrích ina leith sin;*** |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 116**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 59**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 59. ***ag tabhairt dá haire,*** le ***Suirbhé II LADTI, mhí na Bealtaine 2020, a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, go dtugtar chun suntais an méadú atá tagtha ar an éadulaingt agus ar an bhforéigean sa*** Pholainn ***i leith daoine LADTI agus easpa iomlán creidimh na bhfreagróirí LADTI ón bPolainn i gcomhrac an rialtais i gcoinne na claontachta agus na héadulaingthe, lena ndéantar taifead ar an gcéatadán is ísle ar fud an Aontais (nach bhfuil ach ag 4 %), agus an céatadán is airde freagróirí a sheachnaíonn áiteanna áirithe ar eagla go ndéanfaí iad a ionsaí, a chiapadh nó a bhagairt (79 %);*** | 59. ***á mheabhrú*** go ***ndearbhaítear le Bunreacht Phoblacht*** na Polainne ***an toirmeasc ar idirdhealú*** i gcoinne ***aon duine ar aon fhoras;*** |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 117**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 60 – an chuid réamhráiteach**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 60. ***á mheabhrú, i gcomhthéacs fheachtas uachtaránachta 2020 freisin, a seasamh mar a léirítear é sa rún uaithi an 18 Nollaig 2019, lena gcáintear go láidir aon*** idirdhealú i gcoinne daoine LADTI ***agus an sárú ar a gcearta bunúsacha ag na húdaráis*** phoiblí, lena n-áirítear fuathchaint ***ó údaráis phoiblí agus ó oifigigh thofa, an toirmeasc ar mhórshiúlta Pride, agus cosaint neamhleor ar ionsaithe ina leith, agus ar chláir múscailte feasachta, na dearbhuithe go raibh limistéir sa Pholainn saor ó 'íde-eolaíocht LADT' mar a thugtar uirthi agus glacadh na 'gCairteacha Réigiúnacha um*** Chearta ***Teaghlaigh', lena ndéantar idirdhealú go háirithe i gcoinne teaghlaigh aontuismitheora agus LADTI; ag tabhairt dá haire go bhfuil easpa feabhais tagtha ar staid daoine LADTI sa Pholainn ó glacadh an rún sin agus go bhfuil meabhairshláinte agus sábháilteacht fhisiciúil daoine LADTI na Polainne go háirithe i mbaol; á mheabhrú an cáineadh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin ó Choimisinéir um Chearta an Duine na Polainne, a rinne naoi ngearán leis na cúirteanna riaracháin ag áitiú go bhfuil na limistéir atá saor ó LADTI ag sárú dlí an Aontais, agus*** ón gCoimisiún ***agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta; á mheabhrú*** | 60. ***ag athdhearbhú a hiarrata gur cheart*** idirdhealú i gcoinne daoine LADTI ó ***dhaoine a bhíonn i mbun feidhmeanna*** poiblí, lena n-áirítear fuathchaint, ***agus sárú ar*** chearta ***pearsanta a cháineadh, agus á iarraidh ar*** an gCoimisiún idirdhealú ***den sórt sin a cháineadh;*** |

***nár cheart go ndéanfadh caiteachas faoi na cistí comhtháthaithe idirdhealú ar bhonn treoshuíomh gnéasach agus gur cheart do bhardais atá ag gníomhú mar fhostóirí Treoir 2000/78/CE[111] ón gComhairle a urramú, lena gcuirtear cosc ar idirdhealú agus ciapadh ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh san fhostaíocht[112] ; á iarraidh ar údaráis na Polainne cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme agus sa chomhthéacs sin aghaidh a thabhairt ar staid céilí agus tuismitheoirí comhghnéis d'fhonn teachtadh a gceart chun neamh-idirdhealaithe i ndlí agus i ngníomh a áirithiú113[113] ; ag cáineadh na gcásanna dlí i gcoinne ghníomhaithe na sochaí sibhialta a d'fhoilsigh 'Atlas an Fhuatha' mar a thugtar air lena ndéantar cásanna homafóibe sa Pholainn a dhoiciméadú; á iarraidh go láidir ar rialtas na Polainne cosaint dlí do dhaoine LADTI i gcoinne cineálacha fuathchoireachta agus fuathchainte uile a áirithiú;*****

---

[111] Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

[112] An Coimisiún Eorpach, DG REGIO, litir chuig údaráis réigiúin Lublin, Łódź, na Polainne Bige, Podkarpackie agus Świętokrzyskie sa Pholainn, an 27 Bealtaine 2020. Féach, freisin, Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Aibreán 2020, Associazione Avvocatura per i diritti LGBTI,C-507/18, ECLI:EU:C:2020:289.

[113] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Meitheamh 2018, Coman, C-673/16,ECLI:EU:C:2018:385; Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 2 Márta 2010, Kozak v. an Pholainn (uimh. iarratais 13102/02); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 22 Eanáir 2008, E.B. v. an Fhrainc (uimh.

iarratais 43546/02); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 19 Feabhra 2013, X agus Eile v. an Ostair (uimh. iarratais 19010/07); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 30 Meitheamh 2016, Taddeucci agus McCall v. an Iodáil (uimh. iarratais 51362/09); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 21 Iúil 2015, Oliari agus Eile v. an Iodáil (uimh. iarratais 18766/11 agus 36030/11); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 14 Nollaig 2017, Orlandi agus Eile v. an Iodáil (uimh. iarratais 26431/12, 26742/12, 44057/12 agus 60088/12); Breithiúnas na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine an 14 Eanáir 2020, Beizaras agus Levickas v. an Liotuáin (uimh. iarratais 41288/15).

Or. en

**Leasú 118**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 61**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 61. ***á thabhairt dá haire go bhfuil difear á dhéanamh cheana*** ag ***easpa*** neamhspleáchais na mbreithiúna sa Pholainn don ***iontaoibh*** fhrithpháirteach atá idir an Pholainn agus Ballstáit eile, ***go háirithe*** i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla***, ós rud é gur dhiúltaigh cúirteanna náisiúnta nó go raibh siad idir dhá chomhairle faoi amhrastaigh Pholannacha a scaoileadh saor faoi nós imeachta an Bharántais Ghabhála Eorpaigh i ngeall ar amhras domhain a bheith ann faoi neamhspleáchas bhreithiúna na Polainne; á mheas gur tromchúiseach go háirithe í an bhagairt ar aonfhoirmeacht dlí an Aontais atá i meath an smacht reachta sa Pholainn; á chur i bhfios nach féidir an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit a athbhunú ach amháin nuair a áiritheofar go bhfuil na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE á n-urramú;*** | 61. ***ag aithint*** gur ***réimse*** í ***saincheist*** neamhspleáchas na mbreithiúna sa Pholainn ***atá faoi inniúlacht eisiach an Bhallstáit sin, agus nach féidir léi a bheith ina fhorais do mhímhuinín*** fhrithpháirteach idir an Pholainn agus Ballstáit eile, ***lena n-áirítear*** i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla; |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

11.9.2020 A9-0138/119

**Leasú 119**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 62**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 62. ***á iarraidh*** ar rialtas na Polainne na forálacha uile a bhaineann leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha a chumhdaítear sna Conarthaí, sa Chairt, in ECHR agus sna caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine ***a chomhlíonadh***, agus ***dul i mbun*** idirphlé ***ionraic*** leis an gCoimisiún; ***á chur i bhfáth go bhfuil gá le hidirphlé den sórt sin a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, fianaise-bhunaithe agus comhoibritheach; á iarraidh ar rialtas na Polainne comhoibriú leis an gCoimisiún de bhun phrionsabal an chomhair dhílis de réir mar a leagtar amach é i CAE; á iarraidh*** ar rialtas na Polainne rialuithe na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme go mear agus ***go hiomlán*** agus tosaíocht dhlí an Aontais a urramú; | 62. ***á athdhearbhú*** go bhfuil rialtas na Polainne ag comhlíonadh na bhforálacha uile a bhaineann leis an smacht reachta agus na cearta bunúsacha a chumhdaítear sna Conarthaí, sa Chairt, in ECHR agus sna caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine, agus ***go bhfuil sé rannpháirteach go díreach*** in idirphlé leis an gCoimisiún; ***ag aithint na mbeart atá déanta ag*** Rialtas na Polainne rialuithe na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme go mear agus tosaíocht dhlí an Aontais a urramú; |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 120**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 63**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***63. á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún staonadh ó phrionsabal an smacht reachta a léirmhíniú go róchúng, agus chun lánacmhainneacht a bhaint as an nós imeachta faoi Airteagal 7(1) CAE trí aghaidh a thabhairt ar impleachtaí gníomhaíochta rialtas na Polainne do na prionsabail uile a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear an daonlathas agus cearta bunúsacha de réir mar a léirítear iad sa tuarascáil seo;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 121**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir i leith sárú tromchúiseach a bheith á dhéanamh ag Poblacht na Polainne ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 64**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 64. ***á iarraidh*** ar an gComhairle tús a chur an athuair leis ***na*** héisteachtaí foirmiúla ***- ar tionóladh an ceann deireanach díobh chomh fada siar le mí na Nollag 2018 - a luaithe is féidir agus chun*** gach ceann de na forbairtí is déanaí agus de na ***forbairtí*** móra ***diúltacha*** i réimsí an smachta reachta, an daonlathais agus na gceart bunúsach ***a áireamh sna héisteachtaí sin; ag tathant ar an gComhairle gníomhú ar deireadh faoi nós imeachta Airteagal 7(1) CAE trína chinneadh go bhfuil riosca soiléir ann go ndéanfaidh Poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, ós rud é go bhfuil faisnéis dhobhréagnaithe ann gurb amhlaidh an cás mar a léirítear sa rún seo agus san oiread sin tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus Eorpacha, i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais agus i gcásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus i dtuarascálacha ó eagraíochtaí sochaí sibhialta;*** á mholadh go láidir go ndéanfadh an Chomhairle ***aghaidh a thabhairt*** ar mholtaí ***nithiúla don Pholainn, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) CAE, mar obair leantach ar na héisteachtaí, agus go ndéanfadh sí spriocdhátaí a léiriú le haghaidh chur chun feidhme na moltaí sin; á iarraidh,*** | 64. ***á fheiceáil di nach bhfuil aon ghá*** don Chomhairle tús a chur an athuair leis na héisteachtaí foirmiúla ***i gcomhthéacs*** na ***soiléirithe*** agus na mór***sholéirithe*** uile is déanaí ***arna soláthar ag údaráis na Polainne agus torthaí an nós imeachta seo*** i réimsí an smachta reachta, an daonlathais agus na gceart bunúsach á gcur san áireamh; á mholadh go láidir don Chomhairle***, agus*** moltaí ***féideartha á gceapadh aici, dul i mbun idirphlé le húdaráis na Polainne i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta agus na hurraime do cheannasacht na Polainne, go háirithe i réimsí nach gcumhdaítear le hinniúlachtaí an Aontais;*** |

***thairis sin, ar an gComhairle gealltanas a thabhairt chun cur chun feidhme na moltaí sin a mheasúnú go tráthúil; á iarraidh ar an gComhairle leanúint den Pharlaimint a choimeád ar an eolas go rialta agus dlúthbhaint a bheith aici lena bhfuil ar siúl agus oibriú ar bhealach trédhearcach, chun lamháil do rannpháirtíocht agus maoirseacht fhónta ó na hinstitiúidí agus comhlachtaí Eorpacha uile agus ó eagraíochtaí sochaí sibhialta;***

Or. en